**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia*

**2022/2081(DEC)**

13.2.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin
(2022/2081(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Pascal Canfin

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di cur chun feidhme foriomlán an Choimisiúin ar na ceannteidil bhuiséadacha don chomhshaol, do ghníomhú ar son na haeráide, don tsláinte phoiblí agus do shábháilteacht bia in 2021;

2. á chur in iúl gur díol sásaimh di an obair a dhéanann na cúig ghníomhaireacht dhíláraithe atá faoina sainchúram, a dhéanann cúraimí teicniúla, eolaíocha nó bainistíochta a chuidíonn le hinstitiúidí an Aontais beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme i réimse an chomhshaoil, an ghníomhaithe ar son na haeráide, na sláinte poiblí agus na sábháilteachta bia, chomh maith leis an gcaoi a gcuirtear buiséid na ngníomhaireachtaí sin chun feidhme; á chur i bhfáth, i bhfianaise scála na ndúshlán atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, nach mór cistiú leordhóthanach agus níos mó acmhainní daonna a ráthú do na gníomhaireachtaí agus d' Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin ('AS') atá ag obair i réimsí an chomhshaoil, na gníomhaíochta ar son na haeráide, na sláinte poiblí agus na sábháilteachta bia, agus go sonrach Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil, agus ag an am céanna beartas buiséadach freagrach á choinneáil ar bun;

3. ag tabhairt dá haire gur lean an Chúirt Iniúchóirí (an 'Cúirt'), ina tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an bhuiséid a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2021, de leibhéal ábhartha earráide a aimsiú i réimse an chaiteachais 'acmhainní nádúrtha agus an comhshaol', agus ag tabhairt dá haire freisin go bhfuil caiteachas sna réimsí sin faoi réir coinníollacha casta agus rialacha incháilitheachta agus ag tarraingt aird ar an gcineál earráidí a d'fhéadfadh a bheith ann, arb é is gnáiche atá ann tairbhithe neamh-incháilithe nó caiteachas, earráidí riaracháin agus mainneachtain gealltanais agra-chomhshaoil a chomhlíonadh;

4. a athdhearbhú, agus é ina ábhar mór imní di, nach ndearna an Coimisiún, de réir iniúchadh feidhmíochta na Cúirte ar phríomhshruthú na haeráide agus na bithéagsúlachta, breithniú leordhóthanach ar an bhforluí atá ann cheana idir spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta agus an rannchuidiú a rinneadh le caiteachas bliantúil faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) le cuspóirí bithéagsúlachta á ríomh aige agus nár thuairiscigh sé ar aon fhorluí atá ann cheana idir spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta sna ráitis chláir nó i dTuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta 2021; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar 30 % ar a laghad de mhéid iomlán bhuiséad AE agus de chaiteachas Ionstraim Théarnaimh AE a leithdháileadh chun tacú le cuspóirí aeráide;

### *An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide*

5. ag tabhairt dá haire, in 2021, gur shroich buiséad Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil EUR 534 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 440 milliún i leithreasuithe íocaíochta agus á chur in iúl gur oth léi nach raibh foráil déanta ach do 397 bpost bhuana agus shealadacha amhail ón 01/04/2021, de réir phleananna

bunaíochta an Choimisiúin, in ainneoin na n-iarrataí a rinne an Pharlaimint arís agus arís eile[1]; á chur i bhfios go raibh rátaí cur chun feidhme os cionn 99 % ag deireadh na bliana ag na leithreasuithe arna riar go díreach ag Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil;

6. á chur in iúl gur geal léi gur laghdaigh sciar na n-íocaíochtaí a rinne Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil a sháraigh na spriocdhátaí dlíthiúla tuilleadh in 2021 (1.51 % i gcomparáid le 3.26 % in 2020);

7. ag cur sonrú i dTuarascáil Speisialta 21/2021[2] ón gCúirt agus a conclúid go bhféadfaí níos mó a dhéanamh chun an lománaíocht neamhdhleathach a chomhrac agus chun aird bhearta foraoiseachta na forbartha tuaithe ar an mbithéagsúlacht agus ar an athrú aeráide a fheabhsú; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil laigí ann i bhforfheidhmiú Rialachán (AE) Uimh. 995/2010[3] ag na Ballstáit agus gur minic a bhíonn seiceálacha éifeachtacha ar iarraidh, lena n-áirítear ar thaobh an Choimisiúin;

8. ag tabhairt dá haire, in 2021, go ndearna an Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide bainistiú ar EUR 18,47 milliún faoin teideal 'Gníomhú ar son na haeráide' de bhuiséad an Aontais agus go raibh EUR 3 698,50 milliún ar fáil don chiste nuálaíochta; ag tabhairt dá haire freisin go raibh 285 bhall foirne ag an Ard-Stiúrthóireacht ag deireadh na bliana;

9. ag tabhairt dá haire go ndéanann AS um Ghníomhú ar son na hAeráide agus AS an Bhuiséid faireachán ar sprioc 20 % maidir le príomhshruthú aeráide in CAI 2014-20 agus go dtuairiscíonn an Coimisiún gur caitheadh 20.15 % de bhuiséad an Aontais ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an aeráid le linn na tréimhse sin; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go léiríonn réamhshonraí go raibh 32.5 % de bhuiséad 2021 tiomnaithe don ghníomhú ar son na haeráide, i gcomhréir leis na pleananna sa Chomhaontú Idirinstitiúideach 30 % ar a laghad de CAI 2021-27 a úsáid chun na críche sin;

10. á chur in iúl gur cúis mhór imní di toradh na Cúirte i dTuarascáil Speisialta 09/2022[4], ina luaitear go raibh ráiteas iomarcach de EUR 72 bhilliún ar a laghad sa mhéid a tuairiscíodh gur caitheadh chun na críche sin, rud a chiallaíonn nach ndearnadh ach thart ar 13 % de bhuiséad 2014-2020 a chaitheamh ar chuspóirí a bhaineann leis an aeráid. á chur in iúl gur saoth léi, dá bhrí sin, go bhféadfadh saincheisteanna iontaofachta fanacht i dtuairisciú an Choimisiúin don tréimhse 2021-2027;

11. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé grinnscrúdú cuí a dhéanamh ar chaiteachas aeráide i mbuiséad AE, agus an Coimisiún a choinneáil freagrach as modheolaíocht láidir iontaofa a chur chun feidhme, i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh i gcomhaontú CAI agus i mír 16ú de IIA an 16 Nollaig 2020;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil don Pharlaimint ina

[1] https://commission.europa.eu/system/files/2021-06/db2022_wd_2_human_resources_web_0.pdf
[2] Maoiniú ón Aontas don bhithéagsúlacht agus don athrú aeráide i bhforaoisí an Aontais: torthaí dearfacha ach teoranta, an 4 Deireadh Fómhair 2021.
[3] Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh, IO L 295, 12.11.2010, lgh. 23-34).
[4] Climate spending in the 2014-2020 EU budget - Not as high as reported' [Caiteachas ar an aeráid i mbuiséad 2014-2020 an Aontais – Níl sé chomh hard agus a tuairiscíodh], 30 Bealtaine 2022.

leagfar amach go mionsonraithe rannchuidiú gach míre buiséid leis an bpríomhshruthú aeráide agus leis na spriocanna bithéagsúlachta, chun faireachán orthu a éascú; á iarraidh freisin ar an gCoimisiún a thuairisciú an mainníonn aon mhír bhuiséid an critéar 'gan dochar suntasach a dhéanamh' dá dtagraítear sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht;

13. á chur in iúl gur oth léi cinneadh na Cúirte, ina Tuarascáil Speisialta 16/2021[5] , nár rannchuidigh cistiú talmhaíochta AE atá ceaptha do ghníomhú ar son na haeráide le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; ag teacht le tuairim na Cúirte gur cheart leis an gComhbheartas Talmhaíochta nua go ndíreofaí níos mó ar astaíochtaí talmhaíochta a laghdú, agus a bheith níos cuntasaí agus níos trédhearcaí maidir leis an méid a chuireann sé le maolú ar an athrú aeráide; á athdhearbhú, agus é ina ábhar mór imní di, gur chinn an Chúirt go bhfuil an tsuim EUR 17.2 billiún a thuairiscigh an Coimisiún le haghaidh rannchuidiú CBT le cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta sáraithe faoi EUR 8.9 billiún;

14. á athdhearbhú gur cúis mhór imní di go ndéantar an forchoimeádas maidir le forais chlú, dhlíthiúla, airgeadais agus institiúideacha a bhaineann le rioscaí suntasacha slándála a sainaithníodh i gcothabháil agus in oibriú chóras Chlárlann an Aontais maidir le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais, mar a thuairiscítear in AARnna ó 2010 i leith, a athrá in AAR 2021 de chuid na hArd-Stiúrthóireachta um Ghníomhú ar son na hAeráide;

***Sláinte Phoiblí, sábháilteacht bia, sláinte agus leas ainmhithe, agus sláinte plandaí***

15. ag cur béim ar an ról a bhí ag an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia chun freagairt chomhordaithe a aimsiú ar phaindéim COVID-19 ar fud na mBallstát le linn 2021; ag aithint na hoibre maidir le hAontas Sláinte na hEorpa a chruthú, le céimeanna cinntitheacha chun sainorduithe nua EMA agus ECDC a ghlacadh agus chun HERA a chruthú; ag aithint leathadh amach rathúil i réimse na bhFeistí Leighis agus maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte, agus dul chun cinn maidir le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa;

16. á chur in iúl gur oth léi, in ainneoin iarrataí ó choistí BUDG, CONT agus ENVI arís agus arís eile, nár sholáthair an Coimisiún an miondealú mionsonraithe ar mhéideanna na n-éarlaisí agus na bhfóirdheontas eile a d'íoc an tAontas le gach cuideachta chógaisíochta a bhfuil baint aici le forbairt vacsaíní COVID-19; á iarraidh ar an gCoimisiún sásraí trédhearcacha a chur i bhfeidhm maidir le hinrianaitheacht infheistíocht phoiblí AE; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, tús a chur le seiceáil a dhéanamh ar rialtacht chur chun feidhme na gcomhaontuithe réamhcheannaigh vacsaíní agus na gcomhaontuithe ceannaigh (PAnna) in 2023 agus ní déanach in 2024, mar a fhoráiltear faoi láthair;

17. ag tabhairt dá haire go raibh DG SANTE freagrach as cur chun feidhme buiséid na hIonstraime Tacaíochta Éigeandála (ESI) in 2021 agus go ndearna AS SANTE, faoi dheireadh 2021, níos mó ná EUR 2.55 billiún a leithdháileadh mar éarlaisí ar mhonaróirí vacsaíní i gcomhthéacs vacsaíní COVID-19 a sholáthar; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, ar bhonn iniúchadh na Cúirte in 2021, nár fhíoraigh an

[5] An Comhbheartas Talmhaíochta agus an aeráid – Leath chaiteachas aeráide an Aontais ach níl laghdú ag teacht ar astaíochtaí feirme, an 21 Meitheamh 2021.

Coimisiún go leormhaith cibé ar urramaíodh téarmaí airgeadais a chomhaontuithe réamhcheannaigh le monaróirí dáileog vacsaíní COVID-19 e haghaidh íocaíochtaí leis na conraitheoirí;

18. á chur in iúl gur saoth léi, de réir thuarascáil speisialta 19/2022 ó CIE[6], nach raibh baint ag foireann chomhpháirteach chaibidlíochta an Aontais leis an réamhchaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú ceannaithe vacsaíní is mó (1.8 billiún dáileog) le Pfizer go dtí seo; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur comhaontaíodh gnéithe bunriachtanacha uile an chomhaontaithe a cuireadh faoi bhráid an bhoird stiúrtha an 9 Aibreán 2021 le linn na réamhchaibidlíochta idir an monaróir agus Uachtarán an Choimisiúin;

19. ag tabhairt dá haire gurb ionann buiséad na hArd-Stiúrthóireachta um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, ina cuid réimsí beartais, agus EUR 1 162.42 milliún in 2021 agus go raibh 774 bhall foirne aici; á chur i bhfios gur shroich rátaí cur chun feidhme na ngealltanas agus na n-íocaíochtaí 65.84 % agus 63.51 %, faoi seach;

20. ag tabhairt dá haire, in 2021, gur léirigh an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia meánráta earráidí iarmharacha 0.5 %, atá níos ísle ná an tairseach ábharthachta 2 %;

21. ag tabhairt dá haire gur tháinig laghdú go 86 % (2020 95 %) ar chéatadán na n-íocaíochtaí a bhain le bainistiú deontas a rinne Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na Sábháilteachta Bia in am in 2021 agus go raibh sé sin faoi bhun na sprice 95 %;

***An tÚdarás um Ullmhacht agus Freagairt i gcás Éigeandáil Sláinte (HERA):***

22. ag tabhairt dá haire gur bunaíodh HERA mar sheirbhís inmheánach de chuid an Choimisiúin an 1 Deireadh Fómhair 2021, agus gurb é an misean atá aige tacú le tosaíochtaí an Choimisiúin maidir le sláinte phoiblí, ullmhacht agus bainistiú géarchéime in earnálacha na sláinte, an taighde agus na nuálaíochta agus na tionsclaíochta; ag tabhairt dá haire go gceanglaítear ar an gCoimisiún leis an Rialachán maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte[7] measúnú a dhéanamh faoin 31 Nollaig 2024 ar an ngá HERA a bhunú mar eintiteas ar leith, agus gníomhaireachtaí nó údaráis ábhartha atá gníomhach i réimse na hullmhachta agus na freagartha sláinte á gcur san áireamh;

23. á chur in iúl gur oth léi go raibh cinneadh an Choimisiúin maidir le HERA a mhaoiniú ag brath go mór ar Chlár EU4Health, rud a laghdaigh a bhuiséad le níos mó ná a leath le ranníocaíocht EU4Health EUR 2,795 billiún le HERA idir 2021 agus 2027); ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go ndearna an laghdú sin difear do chumas EU4Health maoiniú uaillmhianach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eile mar a fhoráiltear le Rialachán (AE) 2021/522, lena n-áirítear baol a bheith ann do ghníomhaíochtaí faoi Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa agus don tacaíocht is gá chun

---

[6] Vacsaíní COVID-19 a sholáthar san Aontas – Méid leordhóthanach dáileog faighte tar éis dúshláin ag an tús, ach níl meastóireacht leormhaith déanta ar fheidhmíocht an phróisis.

[7] Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le mórbhagairtí trasteorann ar an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE, IO L 314, 6.12.2022, lch. 26).

Spás Eorpach Sonraí Sláinte a chruthú; á chur in iúl gur saoth léi, trí mhéideanna suntasacha den sórt sin a shannadh do HERA, gur sháraigh an Coimisiún na huasteorainneacha cistiúcháin a comhaontaíodh le haghaidh caiteachas íosta agus uasta a leagtar síos i Rialachán EU4Health;

24. ag cur sonrú sa dlúthchomhar idir oifigigh agus lucht tionscail an Choimisiúin laistigh de ghníomhaíochtaí HERA; á iarraidh go gcuirfí rialacha láidre trédhearcachta agus coinbhleachta leasa i bhfeidhm chun muinín an phobail as HERA agus neamhspleáchas tráchtála HERA a áirithiú;

25. ag tathant ar an gCoimisiún leibhéal ard trédhearcachta a chur i bhfeidhm maidir leis na gníomhaíochtaí soláthair chomhpháirtigh uile atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus maidir le comhaontuithe ceannaigh gaolmhara i réimse na sláinte; á áitiú gur cheart do ASanna ábhartha an Choimisiúin creat soláthair phoiblí AE atá daingean agus trédhearcach a chur ar bun, nuair atá cistí ó bhuiséad an Aontais i gceist go hiomlán nó go páirteach, rud a d’fhagfadh gurbh fhéidir leis an bParlaimint grinnscrúdú cuimsitheach a dhéanamh, go háirithe maidir le réimsí móra caiteachais a bhaineann le cúrsaí sláinte; i gcomhréir leis an leas sáraitheach poiblí a luaitear i Rialachán 1049/2001 agus leis an ngá atá le muinín an phobail a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún gach comhaontú réamhcheannaigh vacsaíní a tugadh i gcrích le haghaidh COVID-19 a chur ar fáil go hiomlán;

26. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, ar bhonn na sonraí atá ar fáil agus na tuarascála cur chun feidhme, gur féidir urscaoileadh a dheonú don Choimisiún i dtaca leis an gcaiteachas i réimsí an bheartais comhshaoil agus aeráide, na sláinte poiblí agus na sábháilteachta bia don bhliain airgeadais 2021.

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 9.2.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 62<br>–: 13<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mathilde Androuët, Traian Băsescu, Aurélia Beigneux, Hildegard Bentele, Alexander Bernhuber, Michael Bloss, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Agnès Evren, Heléne Fritzon, Malte Gallée, Andreas Glück, Catherine Griset, Teuvo Hakkarainen, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Petros Kokkalis, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Peter Liese, César Luena, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Tilly Metz, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Ljudmila Novak, Jutta Paulus, Stanislav Polčák, Erik Poulsen, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Sándor Rónai, Christine Schneider, Ivan Vilibor Sinčić, Maria Spyraki, Véronique Trillet-Lenoir, Achille Variati, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Eric Andrieu, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Billy Kelleher, Ska Keller, Sara Matthieu, Sirpa Pietikäinen, Manuela Ripa, Robert Roos, Massimiliano Salini, Christel Schaldemose, Sarah Wiener, Jadwiga Wiśniewska |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Karolin Braunsberger-Reinhold, Clare Daly, Ilan De Basso, Jarosław Duda, Niclas Herbst, Beata Kempa, Karsten Lucke, Johan Nissinen, Jörgen Warborn |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 62 | + |
|---|---|
| PPE | Traian Băsescu, Hildegard Bentele, Alexander Bernhuber, Nathalie Colin-Oesterlé, Jarosław Duda, Agnès Evren, Niclas Herbst, Ewa Kopacz, Peter Liese, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Dolors Montserrat, Ljudmila Novak, Sirpa Pietikäinen, Stanislav Polčák, Massimiliano Salini, Christine Schneider, Maria Spyraki, Jörgen Warborn, Pernille Weiss |
| Renew | Pascal Canfin, Andreas Glück, Martin Hojsík, Jan Huitema, Billy Kelleher, Erik Poulsen, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Véronique Trillet-Lenoir, Emma Wiesner, Michal Wiezik |
| S&D | João Albuquerque, Eric Andrieu, Delara Burkhardt, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Ilan De Basso, Cyrus Engerer, Heléne Fritzon, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Karsten Lucke, César Luena, Sándor Rónai, Christel Schaldemose, Achille Variati, Petar Vitanov, Tiemo Wölken |
| The Left | Clare Daly, Anja Hazekamp, Petros Kokkalis, Silvia Modig |
| Verts/ALE | Michael Bloss, Bas Eickhout, Malte Gallée, Pär Holmgren, Ska Keller, Sara Matthieu, Tilly Metz, Jutta Paulus, Manuela Ripa, Sarah Wiener |

| 13 | - |
|---|---|
| ECR | Beata Kempa, Joanna Kopcińska, Johan Nissinen, Robert Roos, Alexandr Vondra, Jadwiga Wiśniewska, Anna Zalewska |
| ID | Mathilde Androuët, Aurélia Beigneux, Catherine Griset, Teuvo Hakkarainen |
| NI | Ivan Vilibor Sinčić |
| PPE | Karolin Braunsberger-Reinhold |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh